Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**11661/20**

**COEST 202**
**CFSP/PESC 825**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Deireadh Fómhair 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11660/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBealarúis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBealarúis, mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad an 12 Deireadh Fómhair 2020.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBealarúis

1. Ag meabhrú di na conclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir leis an mBealarúis chomh maith leis na dearbhuithe a rinne an tArdionadaí le déanaí thar ceann an Aontais, is oth leis an gComhairle nár thug údaráis na Bealarúise aird ar iarraidh leanúnach mhuintir na Bealarúise go ndéanfaí a saoirsí bunúsacha agus cearta an duine a urramú.

2. Dhearbhaigh an Chomhairle nach raibh toghcháin uachtaránachta an 9 Lúnasa saor ná cóir. Léirítear i dtuarascálacha inchreidte ó bhreathnóirí baile nár chomhlíon an próiseas toghchánach reachtaíocht na Bealarúise féin ná a gealltanais idirnáisiúnta. Níl aon dlisteanacht dhaonlathach ag A. Lukashenko. Is léir go n-éilíonn muintir na Bealarúise toghcháin nua. I bhfianaise an mhéid sin, tacaíonn an tAontas le hiarrataí dlisteanacha ar shaorthoghcháin uachtaránachta chóra nua i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus faoi bhreathnóireacht ESCE/ODIHR.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go hiomlán le ceannasacht agus le neamhspleáchas na Bealarúise. Cuireann an Chomhairle i dtreis ceart daonlathach mhuintir na Bealarúise a hUachtarán a thoghadh trí shaorthoghcháin chóra nua, gan cur isteach ón taobh amuigh. Ní dhéanfar cobhsaíocht fhadtéarmach agus ceannasacht na Bealarúise a ráthú ach amháin trí chaomhnú chearta an duine, an daonlathais, an smachta reachta agus trí shaorthoghcháin chóra i gcomhréir le toil dhaonlathach mhuintir na Bealarúise.

4. Iarrann an tAontas ar údaráis na Bealarúise réiteach síochánta daonlathach a lorg ar an ngéarchéim trí idirphlé cuimsitheach náisiúnta leis an tsochaí níos leithne, go háirithe an Chomhairle Chomhordúcháin. Leanann an tAontas de thacaíocht a thabhairt don togra ó Chathaoirligh na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo chun an t-idirphlé sin a éascú. Cuirfidh an tAontas an cur chuige sin chun cinn leis na gníomhaithe idirnáisiúnta go léir agus is oth leis nach bhfuil an Bhealarúis, mar Stát atá rannpháirteach in ESCE, ag freagairt ar an tairiscint sin.

5. Cáineann an Chomhairle go láidir an foréigean atá á úsáid ag údaráis na Bealarúise i gcoinne agóideoirí síochánta, lena n-áirítear daoine óga agus mná, agus cáineann sí go láidir na cásanna iomadúla céastóireachta agus foréigin ghnéasaigh. Iarrann sí ar na húdaráis gach duine atá ar a gcoinneáil go treallach a scaoileadh saor láithreach agus gan choinníoll, lena n-áirítear príosúnaigh pholaitiúla agus oibrithe na meán. Tathantaíonn an Chomhairle go láidir ar údaráis na Bealarúise imscrúdú iomlán a dhéanamh ar gach sárú agus mí-úsáid ar chearta an duine, agus deireadh a chur leis an ngéarleanúint atá á déanamh ar na daoine atá páirteach sa ghluaiseacht i bhfabhar an daonlathais, ar na meáin neamhspleácha agus ar ionadaithe na sochaí sibhialta, lena n-áirítear comhaltaí na Comhairle Comhordúcháin, chomh maith le dálaí a áirithiú lena gceadófar do shaoránaigh na Bealarúise a gcearta saoirse tuairimíochta, cainte agus comhthionóil a fheidhmiú.

6. Tá an tAontas meáite ar aghaidh a thabhairt ar staid chearta an duine sa Bhealarúis agus ar an gcomhphobal idirnáisiúnta a shlógadh chun tacú le muintir na Bealarúise, lena n-áirítear i gComhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, in ESCE agus i gComhairle na hEorpa. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh an Rún maidir le staid chearta an duine sa Bhealarúis ag an 45ú seisiún de Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus iarrann sí ar an mBealarúis rochtain iomlán ar an mBealarúis a chur chun feidhme agus a cheadú do Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe agus comhoibriú le Rapóirtéirí Speisialta eile na Náisiún Aontaithe. Is oth leis an Aontas an easpa comhair ón mBealarúis faoi chuimsiú Shásra Mhoscó de chuid ESCE a bhfuil sainordú aige sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine sa Bhealarúis a imscrúdú.

7. D'fhorchuir an Chomhairle smachtbhannaí, lena n-áirítear toirmeasc ar thaisteal agus reo sócmhainní, i gcoinne daoine atá freagrach as nádúr calaoiseach na dtoghchán uachtaránachta agus as cniogbheartaíocht fhoréigneach ar agóidí síochánta. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar liosta na ndaoine a ndíreofar orthu. I gcomhréir le cur chuige céimnitheach an Aontais, tá an tAontas réidh chun bearta sriantacha breise a ghlacadh, lena n-áirítear i gcoinne eintiteas agus ardoifigeach, A. Lukashenko san áireamh.

8. I bhfianaise na bhforbairtí, chinn an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar chaidreamh an Aontais leis an mBealarúis. Déanfaidh an tAontas an méid a leanas:

a) An comhar déthaobhach le húdaráis na Bealarúise ar an leibhéal lárnach a laghdú agus tacaíocht an Aontais do mhuintir na Bealarúise agus do shochaí shibhialta na Bealarúise a mhéadú; Institiúidí atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine, agus as mí-úsáid na gceart sin, a eisiamh ón gcomhar sin.

b) Cúnamh airgeadais déthaobhach an Aontais a athchalabrú don Bhealarúis chun a áirithiú go rachaidh sé chun tairbhe an phobail i gcoitinne, go háirithe trína dhíriú a mhéid is féidir ó na húdaráis lárnacha agus chuig gníomhaithe nach gníomhaithe stáit, áitiúla agus réigiúnacha iad, lena n-áirítear trí chláir um chomhar trasteorann.

c) Leanúint den chaidreamh leis an mBealarúis maidir le saincheisteanna ar leas an Aontais agus shochaí na Bealarúise.

d) Laistigh de chreat iltaobhach Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus cé is moite d'institiúidí atá freagrach as sáruithe ar chearta an duine, agus as mí-úsáid na gceart sin, comhar a choimeád leis an mBealarúis ar an leibhéal neamhpholaitiúil, agus an comhar a threisiú le príomh-gheallshealbhóirí neamhstáit na Bealarúise.

I bhfianaise an chinnidh thuas, déanfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) athbhreithniú ar a chuid oibríochtaí sa Bhealarúis. Comhordóidh Ballstáit an Aontais a seasaimh dá réir sin freisin laistigh de Bhord Stiúrthóirí an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF).

9. Seasann an tAontas le muintir na Bealarúise agus chuir sé acmhainní airgeadais breise ar fáil láithreach d'íospartaigh an fhoréigin, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do na meáin neamhspleácha. Tá an tAontas ag obair ar bhearta chun tacaíocht bhreise mheántéarmach, phráinneach a thabhairt do shochaí shibhialta na Bealarúise, lena n-áirítear daoine óga, daoine i staideanna leochaileacha agus na meáin neamhspleácha, agus don earnáil phríobháideach agus don earnáil sláinte.

10. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá an teagmháil idir daoine. Ba chéim thábhachtach i ndáil leis sin é tabhairt i gcrích an chomhaontaithe um eisiúint víosaí a éascú. Leanfar de dheiseanna a chur ar fáil do na Bealarúisigh chun páirt a ghlacadh i gcláir mhalartaithe Eorpacha amhail Erasmus +, Fís Eorpach nó faoi thionscnaimh de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'Ollscoil na Bealarúise (Ollscoil na nDaonnachtaí Eorpacha) agus í ar deoraíocht i Vilnias agus cuirfidh sí scoláireachtaí breise agus scéimeanna soghluaisteachta breise ar fáil.

11. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur príomhthosaíocht don Aontas é sábháilteacht agus slándáil suiteálacha núicléacha agus go bhfuil sé an-tábhachtach i gcónaí do chaidreamh an Aontais leis an mBealarúis. Agus tagairt á déanamh aici do na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020, áitíonn an Chomhairle ar an mBealarúis na caighdeáin idirnáisiúnta chomhshaoil agus sábháilteachta is airde a chomhlíonadh agus moltaí an Aontais maidir le tástálacha struis a chur chun feidhme gan mhoill. I ndáil leis an méid sin, cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá an comhar idir an Bhealarúis agus Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG) sa phróiseas tástála struis, lena n-áirítear athbhreithniú agus faireachán foirmiúil ag ENSREG ar chur chun feidhme práinneach Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na Bealarúise.

12. Cuireann an Chomhairle chun suntais go bhfuil an tAontas réidh chun dlús suntasach a chur lena rannpháirtíocht pholaitiúil, lena chomhar earnála agus lena chúnamh airgeadais don Bhealarúis, ar choinníoll go n-urramaíonn a húdaráis prionsabail an daonlathais, an smachta reachta agus cearta an duine agus:

   a) Stop a chur le cearta an duine a chur faoi chois agus a mhí-úsáid i gcás na ndaoine atá páirteach sa ghluaiseacht ar son an daonlathais, sna meáin neamhspleácha agus i gcás ionadaithe na sochaí sibhialta;

   b) Príosúnaigh pholaitiúla a scaoileadh saor, a athshlánú agus a chúiteamh ó thaobh airgid;

   c) Dálaí sábháilte a chur ar fáil chun go bhfillfidh na daoine atá ar deoraíocht pholaitiúil nó éigeantach;

   d) Próiseas polaitiúil dáiríre, inchreidte agus cuimsitheach a chur chun cinn a mbeidh saorthoghcháin chóra mar thoradh air faoi bhreathnóireacht ESCE/ODIHR;

   e) Ráthaíochtaí a thabhairt go n-urramófar cearta an duine, lena n-áirítear saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh, saoráil faisnéise, saoirse comhthionóil agus comhlachais, chomh maith le saoirse na meán.

13. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go mbeadh an tAontas réidh chun tacú le haistriú síochánta daonlathach sa Bhealarúis. Má tharlaíonn aistriú den sórt sin, agus arna iarraidh sin do rialtas na Bealarúise, úsáidfidh an tAontas ionstraimí éagsúla i gcomhréir le beartas Chomhpháirtíocht an Oirthir. Mheasfaí an méid a leanas, *inter alia*, a dhéanamh:

a) Dul i mbun caibidlíocht maidir le creat-chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Bhealarúis;

b) Comhar earnála a neartú agus rannpháirtíocht i gcláir an Aontais agus comhar le gníomhaireachtaí an Aontais a mhéadú.

c) Plean cuimsitheach tacaíochta eacnamaíche don Bhealarúis dhaonlathach a sheoladh, lena n-áirítear:

- Cúnamh suntasach airgeadais agus teicniúil le haghaidh athchóirithe institiúideacha agus forbairt eacnamaíoch laistigh den chreat airgeadais ilbhliantúil;

- Tús a chur an athuair le cainteanna maidir le tuilleadh athchóirithe a bhfuil gá leo chun cúnamh macra-airgeadais an Aontais a chumasú;

- Méadú suntasach ar oibríochtaí BEI agus BEAF;

Chomh maith leis sin, thacódh an tAontas a thuilleadh leis an mBealarúis maidir le haontachas na tíre leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

Meabhraíonn an Chomhairle gur féidir comhar neartaithe agus dul chun cinn breise a dhéanamh faoi Chomhpháirtíocht an Oirthir, in am trátha agus má cheadaítear é faoi na dálaí, i réimse an bheartais víosaí, amhail idirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí a oscailt, faoin réamhchoinníoll maidir leis an gcomhaontú um eisiúint víosaí a éascú agus an comhaontú um athligean isteach a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach éifeachtach, mar aon le soghluaisteacht shlán dhea-bhainistithe.

14. Tá buanseasmhacht mhuintir na Bealarúise agus a dtiomantas do thodhchaí dhaonlathach a dtíre ag dul i bhfeidhm i gcónaí ar an gComhairle. Tá níos fearr tuillte ag muintir na Bealarúise agus ba cheart an t-éileamh atá orthu ar shaorthoghcháin chóra nua a fhreagairt ar bhealach dearfach. Is le hidirphlé cuimsitheach náisiúnta leis an tsochaí níos leithne, go háirithe leis an gComhairle Comhordúcháin, agus leis an idirphlé sin amháin, a fhéadfar teacht ar réiteach síochánta inbhuanaithe ar an ngéarchéim. Tá an tAontas ag súil go dtacóidh comhpháirtithe uile na Bealarúise leis an idirphlé sin. Tacaíonn an tAontas leis an gcuspóir sin agus seasann sé le muintir na Bealarúise.